2024/3219

23.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3219 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle ([1]), maidir le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais, agus trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle ([2]), i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*, a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.

(2) De bhun Airteagal 66(1) den Choinbhinsiún, tá an Grúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile ('GREVIO') le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag na Páirtithe. De bhun Airteagal 68(3) den Choinbhinsiún, tá na nósanna imeachta meastóireachta tar éis nós imeachta na chéad mheastóireachta bonnlíne, a bhaineann le tuarascálacha maidir le bearta reachtacha agus bearta eile lena dtugtar éifeacht d'fhorálacha an Choinbhinsiúin seo arna gcur isteach ag na Páirtithe le roinnt ina mbabhtaí ('babhtaí meastóireachta téamaí'). De bhun Airteagal 68(11) den Choinbhinsiún, tá GREVIO lena thuarascáil agus a chonclúidí a ghlacadh maidir leis na bearta arna ndéanamh ag an bPáirtí lena mbaineann. De bhun Airteagal 68(12) den Choinbhinsiún, ar bhonn na tuarascála agus na gconclúidí ó GREVIO, tá Coiste na bPáirtithe, a bunaíodh le hAirteagal 67 den Choinbhinsiún, in ann moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh.

(3) Seoladh an chéad bhabhta meastóireachta téamaí, dar teideal *Building trust by delivering support, protection and justice* ('Muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar'] in 2022 agus beidh sé ar siúl ó 2023 go 2031. Tugtar aghaidh sa bhabhta sin ar 19 bhforáil shonracha den Choinbhinsiún, eadhon Airteagail 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56, agus baineann sé le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin, ar forálacha iad a bhfuil feidhm acu freisin maidir leis an Aontas i dtaca lena institiúidí féin agus lena riarachán poiblí féin.

(4) I mí Mheán Fómhair 2024, roinn Rúnaíocht Choiste na bPáirtithe leis na Páirtithe dréachtchinneadh IC-CP(2024)10 maidir le moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO arna nglacadh mar chuid den chéad bhabhta meastóireachta téamaí. Foráiltear leis an dréachtchinneadh do nós imeachta chun moltaí a ghlacadh agus chun maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ina dhiaidh sin ag Coiste na bPáirtithe agus tá moladh samplach ann. Tá an dréachtchinneadh le plé agus, más féidir, le glacadh ag an 17ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe an 17 Nollaig 2024.

(5) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas glacadh le hoibleagáidí a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir lena institiúidí agus lena riarachán poiblí féin, faoi raon feidhme Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I dTuairim 1/19 ([3]), dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil cuid shuntasach d'oibleagáidí an Choinbhinsiúin a bhaineann le bearta coisctheacha agus cosanta a ghlacadh ina gceangal ar an Aontas, go bunúsach, a mhéid a bhaineann leis an bhfoireann ina riarachán agus a mhéid a bhaineann le baill den phobal a thugann cuairt ar áitribh agus ar fhoirgnimh a institiúidí, a ghníomhaireachtaí agus a chomhlachtaí.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

([3]) Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, 1/19, Coinbhinsiún Iostanbúl, ECLI:AE:C:2021:832, mír 305.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe a bhunú ós rud é go mbunaítear leis an dréachtchinneadh an nós imeachta maidir le glacadh agus le maoirseacht chur chun feidhme na moltaí atá dírithe chuig na Páirtithe i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais. Beidh na moltaí sin in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, sa mhéid is go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo.

(7) Foráiltear leis an dréachtchinneadh go bhfuil na moltaí le teorannú do na hábhair imní is práinní a shainaithin GREVIO ina thuarascálacha. Áirítear ar na hábhair imní sin easnaimh a mheasann GREVIO a éilíonn gníomhú láithreach, a léirítear le húsáid an bhriathair 'gríosaigh', chomh maith leis na saincheisteanna sin a mheasann GREVIO gur cheart iad a leigheas go luath amach anseo, a léirítear leis an mbriathar 'mol go láidir', lena gcumhdaítear caibidlí an Choinbhinsiúin.

(8) Foráiltear leis an dréachtchinneadh go bhfuil Coiste na bPáirtithe le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí trína iarraidh ar an bPáirtí lena mbaineann tuarascáil i scríbhinn a chur isteach maidir leis na bearta a rinneadh laistigh de 3 bliana ó ghlacadh an mholta. De bhun an dréachtchinnidh, tá Coiste na bPáirtithe in ann a roghnú ina dhiaidh sin gan aon chéim mhaoirseachta eile a thabhairt chun forluí le haon bhabhta meastóireachta téamaí amach anseo a sheachaint.

(9) Foráiltear leis an dréachtchinneadh go bhfuil na moltaí le moladh don Pháirtí na tograí eile ó GREVIO nach bhfuil chomh práinneach céanna a chur chun feidhme, mar bhealach chun conclúidí GREVIO a fhormhuiniú ina n-iomláine, agus chun cuireadh a thabhairt don Pháirtí sin dul i mbun idirphlé leanúnach le GREVIO.

(10) Ba cheart don Aontas comhaontú leis an dréachtchinneadh, ós rud é go bhfuil an nós imeachta a leagtar amach ann ag teacht leis an nós imeachta meastóireachta bonnlíne faoi Airteagal 68 den Choinbhinsiún a bhí éifeachtach agus go n-áirithítear leis cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha uile a roghnaíodh don mheastóireacht théamach, agus próisis faireacháin fhorluiteacha á seachaint an tráth céanna.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais i gCoiste na bPáirtithe tacú le glacadh an dréachtchinnidh, lena n-áirítear an moladh samplach a leagtar amach i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis.

(12) Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann le linn chruinniú Choiste na bPáirtithe, ba cheart a fhoráil go bhféadfar athruithe sonracha ar an dréachtchinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 17ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe, a bunaíodh le hAirteagal 67 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún'), tacú le glacadh dhréachtchinneadh IC-CP(2024)10 maidir le moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe ('an dréachtchinneadh'), lena n-áirítear an moladh samplach a leagtar amach i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis ('Foscríbhinn I').

Airteagal 2

I gcás nach féidir na pointí seo a leanas d'Fhoscríbhinn I a chomhaontú mar a leagtar amach sa dréacht-téacs iad, féadfaidh ionadaithe an Aontais i gCoiste na bPáirtithe, gan cinneadh eile ón gComhairle, teacht ar chomhaontú maidir leis na hathruithe seo a leanas:

— pointe B: síneadh a chur leis an sprioc-am 3 bliana don Pháirtí lena mbaineann chun tuarascáil i scríbhinn a chur faoi bhráid Choiste na bPáirtithe maidir leis na bearta a rinneadh chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme;

— pointe C: an moladh a scriosadh go ndéanfadh an Páirtí lena mbaineann bearta chun na conclúidí breise ó na chéad tuarascálacha meastóireachta téamaí de chuid GREVIO a chur chun feidhme;

— pointe D: an cuireadh chuig an bPáirtí lena mbaineann leanúint den idirphlé le GREVIO maidir leis an dul chun cinn a scriosadh

Freisin, féadfaidh ionadaithe an Aontais i gCoiste na bPáirtithe, gan cinneadh eile ón gComhairle, mionathruithe a dhéanamh ar an dréachtchinneadh, lena n-áirítear Foscríbhinn I, nach n-athraíonn go substaintiúil an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.